



OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

NÓSANNA IMEACHTA UM CHOSAINT LEANAÍ

EANÁIR 2020

OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

NÓSANNA IMEACHTA UM CHOSAINN LEANAÍ

Eanáir 2020

Clár an Ábhair

- 1.** Réamhrá
- 2.** Ráiteas an bheartais
- 3.** Sainmhínithe
- 4.** Mí-úsáid leanaí a aithint
- 5.** Prionsabail an dea-chleachtais

1. RÉAMHRÁ

Is í Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) an institiúid neamhspleách náisiúnta um chearta an duine do leanaí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Agus í bunaithe faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, arna leasú, tá sainordú reachtúil foriomlán ag OOL monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar chearta agus leas leanaí agus daoine óga suas go 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

Faoi Acht 2002, is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna reachtúla atá ag Oifig an Ombudsman do Leanaí:

- Fiosrú a dhéanamh maidir le gearáin arna ndéanamh ag leanaí nó thar ceann leanaí maidir le gníomhaíochtaí nó easpa gníomhaíochta i gcás réimse comhlachtaí poiblí.
- Cearta agus leasa daoine óga agus leanaí a chur chun cinn.

Is seirbhís ábhartha í OOL faoin *Treoir Náisiúnta: Tús Áite do Leanaí 2017*. Tá leanaí agus daoine óga tar éis ról ríthábhachtach a bheith acu in obair OOL ó bunaíodh í. Áirítear na himeachtaí seo a leanas i measc na dtionscnamh OOL inar tharla teagmháil dhíreach le leanaí agus daoine óga:

- comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga
- clár oideachais um chearta an duine a reáchtáil do ghrúpaí leanaí agus daoine óga
- bualadh le leanaí aonair i gcomhthéacs ár gcuid oibre um Ghearáin agus Fiosrúcháin
- socrúcháin taithí oibre a éascú do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois
- taighde a choimisiúnú maidir le leanaí agus daoine óga, agus
- réimse leathan imeachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a óstáil le haghaidh leanaí agus daoine óga, agus páirt a ghlacadh sna imeachtaí sin freisin.

Leanfaidh OOL de bheith ag obair go díreach le leanaí agus daoine óga ar bhonn leanúnach agus i mbealaí éagsúla i gcomhthéacs éifeacht a thabhairt dá oibleagáidí reachtúla faoi Acht 2002.

Caithfidh leanaí agus na daoine fásta a dtugann aire dóibh a bheith cinnte gur féidir le OOL timpeallacht shábháilte a sholáthar. Leagtar amach sa Bheartas seo um Chosaint Leanaí ár gcur chuige maidir lena leithéid de thimpeallacht a sholáthar. Tagann sé faoi réir athbhreithniú ag foireann OOL agus déanfar é a leasú agus a nuashonrú de réir mar is gá.

Ag Oifig an Ombudsman do Leanaí, tá sé mar aidhm againn timpeallacht chomh sábháilte agus is féidir a chur ar fáil, agus deiseanna agus dúshlán iontacha á dtabhairt do leanaí ag an am céanna. Leanaimid dlíthe agus treoirlínte agus na cleachtais a nglactar leo mar dhea-chleachtas. Ach ós rud é go bhfuil sé de chúram orainn súil a choimeád ar cibé an bhfuil meas á léiriú ag dlíthe agus cleachtais ar chearta leanaí agus daoine óga, áfach, beimid i gcónaí ag cur ceisteanna orainn féin agus ar dhaoine eile maidir le cibé an bhfuil na rialacha atá in ainm is a bheith ag cosaint leanaí ag déanamh é sin i ndáiríre. Féachaimid i gcónaí leis na híoschaighdeáin um chosaint leanaí a leagtar amach in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017* a chomhlíonadh.

Cuirimid fáilte roimh tuairimí agus moltaí ó leanaí agus daoine óga, ó thuismitheoirí agus ó dhaoine eile maidir lenár mbeartas um chosaint leanaí.

Gealltanais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo agus oiliúint a chur ar siúl le haghaidh ball foirne

Déanfaidh OOL athbhreithniú leanúnach ar a bheartas agus nósanna imeachta um chosaint leanaí.

Tá freagracht ar na baill foirne uile cur le hathbhreithniú leanúnach agus tréimhsiúil a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta OOL um chosaint leanaí. Tá Duine Ábhartha ainmnithe againn chun maoirsiú a dhéanamh ar ár mBeartas agus Nósanna Imeachta, de réir mar a éilítear faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017)*.

Táimid tiomanta d'oiliúint leanúnach a chur ar siúl le haghaidh ball foirne maidir lenár mbeartas agus nósanna imeachta um chosaint leanaí.

Ba cheart an beartas seo a léamh in éineacht le Nósanna Imeachta Tuairiscithe OOL maidir le Cosaint Leanaí, Ráiteas OOL um Chumhdach Leanaí agus Measúnú OOL ar Riosca, de réir *Tús Aite do Leanaí 2017*.

2. RÁITEAS AN BHEARTAIS

Agus ár ndualgas reachtúil á chomhlíonadh againn maidir le cearta leanaí agus daoine óga a chur chun cinn, úsáidimid Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL) mar threoir.

Is iad seo a leanas Prionsabail Ghinearálta CNAACL: ceart an linbh chun saoirse ó idirdhealú (Airteagal 2); ceart an linbh go dtugtar tús áite do leas an linbh i gcúrsaí a bhaineann leis/léi (Airteagal 3); agus ceart an linbh chun a t(h)uairimí a chur i láthair go hoscailte i ndáil le cúrsaí a bhaineann leis/léi, i gcomhréir le haois agus aibíocht an linbh (Airteagal 12). Leagtar amach i CNAACL freisin ceart leanaí chun cosaint a fháil ó mhí-úsáid (Airteagal 19).

Leanann an beartas atá leagtha amach sa doiciméad seo treoir CNAACL agus tá sé bunaithe ar *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017)*,¹ na treoirlínte oifigiúla arna nglacadh leis an Stát maidir le leanaí a chosaint.

Is é seo a leanas ár ráiteas beartais um chosaint leanaí:

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí tiomanta do thimpeallacht shábháilte a sholáthar do na leanaí agus daoine óga a n-oibrímid leo, timpeallacht ina gcaitear leo le dínit agus meas agus ina gcosnaítear iad ó gach cineál díobhála agus mí-úsáide, lena n-áirítear dúshaothrú. Tabharfar tús áite i gcónaí do leas leanaí. Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne uile a thagann i dteagmháil le leanaí agus daoine óga le linn a gcuid oibre cearta leanaí a chumhdach agus a chur ar aghaidh i gcónaí. Baineann cosaint leanaí le gach aon duine. I gcás go gcuirtear ar ár súile dúinn nó go bhfuil amhras orainn go bhfuil mí-úsáid tar éis tarlú, nó go bhfuil riosca féideartha do leanaí á chur i láthair ag duine nó daoine ar leith, geallaimid tuairisciú a dhéanamh gan mhoill do na húdaráis iomchuí.

¹ An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais, 2017)

3 SAINMHÍNITHE

Mí-úsáid Leanaí

Leagtar amach na príomhchineálacha mí-úsáide leanaí in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (Iúil 2017). Is iad sin: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach. I gcás mí-úsáid linbh, féadfaidh níos mó ná cineál amháin de mhí-úsáid a bheith i gceist ag aon am amháin. I gCaibidil 2 de *Tús Áite do Leanaí*, tugtar mionsonraí maidir leis na cineálacha seo mí-úsáide agus na comharthaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo. Tá sé ríthábhachtach go gcuireann foireann OOL iad féin ar an eolas maidir leis na sainmhínithe agus na comharthaí a bhaineann le gach cineál mí-úsáide ar leith.

Go hachomair, tugtar sainmhíniú in *Tús Áite do Leanaí* ar na ceithre phríomhchineál mí-úsáide mar seo a leanas:

- *Tarlaíonn **an fhaillí** nuair nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim nó maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil cholanda nó fhorbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, mar a mbíonn sláinte, forbairt nó leas linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta. Féadann faillí mhothúchánach teacht freisin ó dheacrachtaí ceangail bheith ag an leanbh. *Tús Áite do Leanaí*, lch 7*
- *Is ionann mí-úsáid mhothúchánach agus drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíochta an linbh mar chuid den chaidreamh foriomlán idir cúramóir agus leanbh. Deacrachtaí aonuaire agus anois is arís idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh; ní mheastar iad mar mhí-úsáid mhothúchánach. Tarlaíonn an mhí-úsáid nuair nach sásaítear éileamh bunúsach linbh d'aird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil, de bharr éagumais nó neamhshuime óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóir. *Tús Áite do Leanaí*, lch 8*
- *Is ionann **an mhí-úsáid chorpartha** agus pé uair a dhéanann duine éigin díobháil chorpartha do leanbh d'aontoil nó a chuireann iad i mbaol bheith gortaithe go colanda. Féadann sí tarlú mar theagmhas amháin nó mar phatrún teagmhas. *Tús Áite do Leanaí*, lch 9*
- *Tarlaíonn **an mhí-úsáid ghnéasach** nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh dá sásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear léi baint an linbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó tríd an bpornagrafaíocht.....Ba chóir go meabhrófaí go bhféadann an ghníomhaíocht ghnéasach le duine óg bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an duine óg i gceist í mar mhí-úsáideach. *Tús Áite do Leanaí*, lch 10*

Cúrsaí a thiteann lasmuigh de raon na treorach a thugtar in *Tús Áite do Leanaí*

Nuair a fhaigheann OOL faisnéis nach dtiteann laistigh de na sainmhínte a leagtar amach in *Tús Áite do Leanaí*, ach a ardaíonn inní don OOL mar sin féin maidir le leas, sábháilteacht, sláinte nó folláine linbh, cuirfidh OOL an inní sin in iúl do na húdaráis/gníomhaireachtaí iomchuí.

Foireann

Chun críocha an bheartais seo, is éard atá i gceist le foireann ná:

- daoine arna bhfostú ag OOL ar bhonn lánaimseartha nó ar bhonn páirtaimseartha
- daoine a fhostaíonn OOL a seirbhísí ar conradh ar bhonn seisiúnach nó ar bhonn leanúnach agus nach bhfuil fostaithe ag eagraíocht trí páirtí
- daoine fásta ar shocrúcháin oibre le OOL
- oibríthe deonacha a oibríonn le OOL
- intéirnigh a oibríonn le OOL
- foireann gníomhaireachta.

Chun críocha an bheartais seo, ní baill foirne iad daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a oibríonn le OOL nó atá ar shocrúchán oibre le OOL. Ní mór dóibh, áfach, inní ar bith atá orthu maidir le cosain leanaí a phlé leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) i gcomhréir leis an mbeartas seo.

Faoin mbeartas seo, ní baill foirne iad conraitheoirí trí páirtí arna gcoimisiúnú le haghaidh seirbhísí agus arna bhfostú ag eagraíochtaí seachtracha, amhail taighdeoirí arna bhfostú ag institiúidí oideachais. Táthar ag súil go gcloífídh conraitheoirí tríú páirtí mar seo le beartas agus nósanna imeachta na n-institiúidí ina bhfuil siad fostaithe.

4. FAILLÍ NÓ MÍ-ÚSÁID LEANAÍ A AITHINT

Tá an t-eolas seo a leanas bunaithe ar an eolas a leagtar amach in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017)*.

Féadfaidh sé a bheith deacair go minic faillí nó mí-úsáid leanaí a aithint agus féadfaidh sí í féin a thaispeáint i roinnt bealaí. Leagtar amach liosta de chomharthaí na mí-úsáide leanaí i gCaibidil 2 sa *Treoir* thuasluaite. Níor cheart glacadh le haon chomhartha amháin mar chomhartha dochloíte go bhfuil mí-úsáid leanaí ag tarlú. Féadfaidh gur léiriú é ar rudaí eile seachas mí-úsáid leanaí. Ní mór féachaint ar na comharthaí agus na hairíonna eile i gcomhthéacs shaol agus imthosca teaghlaigh an linbh.

Ó thaobh mí-úsáide leanaí a aithint, braitheann sé a oiread céanna ar thoilteanas an duine glacadh leis an bhféidearthacht go bhfuil mí-úsáid ag tarlú ná mar a bhraitheann sé ar eolas agus faisnéis an duine. De ghnáth, is ann do thrí chéim ó thaobh mí-úsáide leanaí a aithint:

- (i) breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil mí-úsáid ag tarlú;
- (ii) faire amach ar chomharthaí na faillí nó na mí-úsáide
- (iii) an fhaisnéis a thaifeadh.

Céim 1: Breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil mí-úsáid ag tarlú

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil mí-úsáid leanaí ag tarlú i gcás go bhfuil gortú amhrasta tar éis tarlú do leanbh gan míniú réasúnta a bheith le fáil faoi. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl freisin má tá an chuma ar an scéal go bhfuil an leanbh trí na chéile gan chúis shoiléir nó má tá fadhbanna nua iompair á léiriú aige/aici. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl i gcás go bhfuil freagraí neamhghnácha nó eaglacha á dtabhairt ag an leanbh do thuismitheoirí/caomhnóirí nó leanaí níos sine. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar phátrún leanúnach mí-úsáide fiú nuair a bhíonn tréimhsí gearra feabhais i gceist.

Céim 2: Faire amach ar chomharthaí na faillí nó na mí-úsáide

Féadfaidh comharthaí fisiciúla, iompraíochta nó forbartha a bheith i gceist leis an bhfaillí nó leis an mí-úsáid. Féadfaidh siad a bheith ann i gcaidrimh idir leanaí agus tuismitheoirí/cúramóirí, idir leanaí agus baill eile den teaghlach/daoine fásta eile, nó idir leanaí agus leanaí eile. Is dóchúil go mbíonn braisle nó pátrún comharthaí i gceist nuair a bhíonn faillí nó mí-úsáid ag tarlú. Féadfaidh leanaí a bhfuil mí-úsáid á déanamh orthu leid a thabhairt go bhfuil díobháil á déanamh dóibh agus uaireanta déanann siad nochtadh díreach. Ba cheart caitheamh go lándáiríre le nochtadh i gcónaí agus ba cheart gníomhú dá réir, mar shampla, tríd an DIA nó Tusla a chur ar an eolas.

Tugtar liosta in Tús Áite do Leanaí maidir leis na comharthaí/tréithe féideartha a bhaineann le gach cineál mí-úsáide mar seo a leanas (féach Tábla 1 thíos). Ba cheart do bhaill foirne uile de chuid OOL eolas a chur orthu sin.

Is mó a chuireann comharthaí áirithe seachas a chéile an mhí-úsáid in iúl. Ba cheart na samplaí seo a leanas a thuairisciú do Tusla nó don Gharda Síochána agus do DIA OOL:

- nochtadh ó leanbh nó duine óg maidir le mí-úsáid;
- súgradh nó eolas gnéasach atá mínormálta nó míchuí d'aois an linbh;
- gortuithe sonracha nó pátrúin gortuithe;
- éalú ón mbaile nó ó shocrú cúraim;
- iarracht ar fhéinmharú;

- toircheas faoi aois nó galar gnéas-tarchurtha;
- comharthaí i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí ag an am céanna. Mar shampla, le chéile, is léiriú ar phátrún mí-úsáide é comharthaí moille forbartha, gortú fisiciúil agus comharthaí iompraíochta.

Is iomaí comharthaí mí-úsáide atá neamhshonrach agus ní mór iad a bhreithniú i gcomhthéacs sóisialta agus teaghlaigh an linbh. Tá sé tábhachtach a bheith oscailte do mhínithe eile ar chomharthaí fisiciúla nó iompraíochta na mí-úsáide.

Tábla 1
Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí
Comharthaí/Tréithe na Mí-úsáide

Faillí	Mí-úsáid Mhothúcháinach
<ul style="list-style-type: none"> • Leanaí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus maoirseachta • Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta • Gan forás ar chúis neamhorgánach, i.e. leanbh gan a bheith ag méadú ina meáchan; ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin • Teip chun dóthain cúraim a sholáthar d'éilimh leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil • Coinníollacha cónaithe neamhdhóthanacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus troscáin leordhóthanaigh • Easpa éadaí cuí • Neamhaird don sláinteachas bunúsach • Easpa cosanta agus nochtadh don chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an linbh • Mainneachtain mharthanach chun freastal ar scoil • Tréigean nó fágáil 	<ul style="list-style-type: none"> • Séanadh • Easpa compoird agus grá • Easpa ceangail • Easpa spreagtha iomchuí (m.sh. spraoi agus súgradh) • Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte) • Easpa leanúnach molta agus spreagtha • Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán buanseasmhach ar an leanbh • Tromaíocht • Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion don leanbh ar a gcuid iompair nó gníomhartha • Róchasantacht mhíchuibheasach Pionós neamhcholanda míchuí (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa) • Coimhlintí teaghlaigh leanúnacha agus foréigean teaghlaigh • Ionchais rí-míchuí de leanbh i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Tábla 1 (ar leanúint)
Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí
Comharthaí/Tréithe na Mí-úsáide

<p>Mí-úsáid Chorphartha</p> <ul style="list-style-type: none"> • Pionós corpartha • Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil • Brú, creathadh nó caitheamh • Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaise • Úsáid an fhórsa iomarcaigh le láimhsiú • Nimh a thabhairt do dhuine d’aonghnó • Plúchadh • Tinneas cumtha/spreagtha • Ciorrú baill ghiniúna ban 	<p>Mí-úsáid Ghnéasach</p> <ul style="list-style-type: none"> • Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d’aontoil i láithreach linbh • Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteacht nó ainteagmháil d’aonghnó ar chorp linbh, bíodh sí ag duine nó ag oibiacht éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh • Glacaireacht i láithreach linbh nó an leanbh a bheith páirteach i ngníomh glacaireachta • Comhriachtain le leanbh, bíodh sí ina comhriachtain béil, faighne nó tóna • Dúshaothrú gnéasach linbh, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh chun bheith páirteach sa striapachas nó i dtáirgeadh na pornagrafaíochta linbh [mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche an spreagtha, an tsásaimh ghnéasaigh nó gnímh ghnéasaigh éigin, lena n-áirítear a thaifeadadh (ar scannán, fístéip nó meáin eile) nó mí-ionramháil, chun na gcríoch úd, d’íomhá le ríomhaire nó le bealach éigin eile] • Cuireadh a thabhairt do, comhéigniú nó spreagadh do leanbh chun bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil, nó chun féachaint orthu • Nochtadh linbh d’ábhar míchuí nó drochúsáideach trí fhaisnéis na teicneolaíochta agus na cumarsáide • Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, ar minic é ina ghné den phróiseas ‘mealltóireachta’ ag na daoine a dhéanann drochúsáid
--	--

- | | |
|--|--|
| | <ul style="list-style-type: none">• Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil lena mbaineann aosach agus duine faoi aois |
|--|--|

Céim 3: An fhaisnéis a thaifeadadh.

Má cheaptar go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl agus má thugtar faoi ghníomh ina taobh, mar shampla, Tusla a chur ar an eolas, tá sé tábhachtach forais imní a bhunú (féach *Tús Áite do Leanaí*, Caibidil 2 agus Nósanna Imeachta OOL um Chosaint Leanaí chun tuilleadh eolais a fháil maidir le forais réasúnta imní a bhunú agus maidir leis na nósanna imeachta tuairiscithe). Agus na forais imní a bhunú, níor cheart agallamh ar bith a chur ar an duine a thuairiscíonn an imní maidir leis an mí-úsáid líomhnaithe. Ba cheart cuntas cruinn a choinneáil de na breathnóireachtaí, agus nóta a dhéanamh de dhátaí, amanna, ainmneacha, láithreacha, comhthéacs agus aon fhaisnéis eile ábhartha freisin. Ba cheart a bheith cúramach faoin méid faisnéise a stóráiltear agus cé dó a gcuirtear ar fáil í. Tiofadh an fhaisnéis go léir a thaifeadtar faoi réir Beartas OOL um Chosaint Sonraí.

5. PRIONSABAIL AN DEA-CHLEACHTAIS

In OOL, tá sé mar aidhm againn timpeallacht a chruthú ina n-éistear le leanaí; ina dtugtar braistint cómhuintearais dóibh; ina gcoimeádtar slán iad; ina dtugtar tacaíocht iomchuí do thuismitheoirí agus caomhnóirí; agus ina ndéantar baill foirne a thacú agus a chosaint. Déanfaimid ár ndícheall é sin a dhéanamh trí na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Déanfaidh baill foirne uile de chuid OOL na hoibleagáidí reachtúla ábhartha uile a chomhlíonadh maidir le leas agus cosaint leanaí.
- Leanfaimid an treoir a leagtar amach in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2017). Tabharfar cóip de gach aon bhall foirne (agus cuirfear cóipeanna breise i leabharlann OOL).
- Cloífidh baill foirne le Beartas OOL um Chosaint Leanaí agus Nósanna Imeachta OOL um Chosaint Leanaí.
- Tabharfar tús áite i gcónaí do leas leanaí, beag beann ar ghnéithe eile den chás i gceist.
- Cloímid le nósanna imeachta sábháilte um fhoireann a earcú agus a roghnú i gcás ball foirne arna n-earcú ag OOL.
- Déanfaimid DIA agus Leas-DIA a cheapadh agus cinnteoimid go gcuirtear an oiliúint agus an tacaíocht iomchuí ar fáil dóibh chun an ról a chomhlíonadh.
- Cuirfimid fostaí i ról an Duine Ábhartha, de réir *Tús Áite do Leanaí, 2017*.
- Is ar bhonn riachtanais a chomhroinnfimid faisnéis maidir le himní ar bith a bhaineann le cosaint leanaí, go himmheánach agus le gníomhaireachtaí seachtracha, ar mhaithe le leas an linbh agus i gcomhréir le ráiteas rúndachta OOL (féach Nósanna Imeachta OOL um Chosaint Leanaí chun tuilleadh eolais a fháil).
- Déanfaimid gach doiciméad maidir le himní cosanta leanaí a bhaineann le leanbh nó duine óg a thaifeadadh, a stóráil, a choinneáil agus a scríosadh go hiomchuí i

gcomhréir lenár n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint agus beartas agus nósanna imeachta OOL um Chosaint Sonraí.

- Déanfaimid bainistiú éifeachtach ar bhail foirne uile trí mhaoirsiú, tacaíocht agus oiliúint, lena n-áirítear oiliúint um chosaint leanaí.
- Cuirfimid leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí/caomhnóirí agus tríú páirtithe uile ar an eolas maidir leis na freagrachtaí atá ar fhoireann OOL líomhaintí mí-úsáide a thuairisciú agus nach féidir gealltanais rúndachta a thabhairt;
- Leanfaimid na nósanna imeachta arna leagan amach i Nósanna Imeachta OOL um Chosaint Leanaí i gcás go ndéantar líomhain i gcoinne ball foirne OOL (féach Nósanna Imeachta OOL um Chosaint Leanaí chun tuilleadh eolais a fháil);
- Ceanglóimid ar gníomhaireachtaí seachtracha arna gcoimisiúnú chun obair a dhéanamh thar ceann OOL a bhíonn teagmháil shuntasach gan mhaoirsiú acu le leanaí agus daoine óga lena linn, a Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus a mBeartas um Chosaint Leanaí a chur isteach sula dtabharfar conradh dóibh.
- I gcomhréir leis an dea-chleachtas, cuirfimid na cleachtais is sábháilte agus is féidir i bhfeidhm chun an baol díobhála do leanaí agus daoine óga a bhíonn i dteagmháil linn a íoslaghdú agus chun foireann OOL a chosaint ón ngá le riosca nó aon ghníomhaíocht eile a ghlacadh a bhféadfaidh oscailte iad do líomhaintí maidir le mí-úsáid nó faillí.
- Oibreoidimid i gcomhar le gairmithe agus le gníomhaireachtaí um chosaint agus cúram leanaí ar bhealach éifeachtach trí fhaisnéis a chomhroinnt de réir mar is gá agus trí oibriú le chéile chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach don leanbh/do na leanaí i gceist.
- Rachaimid i dteagmháil le heagraíochtaí iomchuí, de réir mar is cuí agus mar is gá, chun beartais agus cleachtais um chosaint agus leas leanaí a chur chun cinn.
- Ar mhaithe le cabhrú chun leanaí a chosaint ó mhí-úsáid agus díobháil ar líne agus iad i mbun ár seirbhísí a rochtain, tá córas pasfhocail i bhfeidhm ag OOL ar a seirbhís wifi. Tá rochtain ar an tseirbhís seo teoranta do leanaí agus eagraíochtaí leanaí a dtugtar cuireadh chun na hoifige seo dóibh. Ar mhaithe le leanaí a chumhdach, cruthóidh OOL aoi-chuntas síniú isteach le haghaidh cuairteoirí chuig OOL agus cuirfear rialuithe tuismitheoirí i bhfeidhm de réir mar is cuí chun úsáid iomchuí ár seirbhísí wifi a spreagadh agus rochtain idirlín níos sábháilte a sholáthar do leanaí.